Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

C/2023/784

17.11.2023

GA
Sraith C

Achoimre ar Chinntí ón gCoimisiún Eorpach maidir le húdaruithe chun na substaintí a liostaítear in Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH) a chur ar an margadh agus/nó iad a úsáid

(Arna foilsiú de bhun Airteagal 64(9) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 [1]*)*

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2023/784)

Cinneadh lena ndeonaítear údarú

Uimhir thagartha an Chinnid [1]	Dáta an Chinnidh	Ainm na substainte	Sealbhóir an údaraithe	Uimhir an údaraithe	Úsáid údaraithe	Dáta éaga na tréimhse athbhreithnithe	Na cúiseanna atá leis an gcinneadh
C(2023) 7535	10 Samhain 2023	4-(1,1,3,3-Teitrimheitiolbúitil)feanóil, eatocsaláite (4-tert-OPnEO) Uimh. CE: -, Uimh. CAS:-	Boehringer Ingelheim RCV GmbH & Co KG, Dr.-Boehringer-Gasse 5-11, 1121, Vín, an Ostair	REACH/23/31/0	Úsáid thionsclaíoch mar ghlantach in íonú phróitéin lipidithe OspA a úsáidtear ina dhiaidh sin chun vacsaín fhéideartha in aghaidh ghalar Lyme a mhonarú	19 Samhain 2033	I gcomhréir le hAirteagal 60(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, is mó na sochair shocheacnamaíocha ná an riosca do shláinte an duine agus don chomhshaol mar gheall ar úsáid na substainte agus níl aon substaint ná teicneolaíocht mhalartach ann atá oiriúnach.

[1] Tá an cinneadh le fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh ag: Údarú (europa.eu).

[1] IO L 396, 30.12.2006, lch. 1